



CÚIRT
INIÚCHÓIRÍ
NA hEORPA

GA

Tuairim 02/2023

(de bhun Airteagal 322(1), CFAE)

i dtaca leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta chun dlúthpháirtíocht agus acmhainneachtaí a neartú san Aontas chun bagairtí cibearshlándála agus teagmhais chibearshlándála a bhrath, agus chun ullmhú agus freagairt dóibh [Comhad Idirinstiúideach 2023/0109(COD), 18 Aibreán 2023]

Clár

	Alt
Réamhrá	01-03
Barúlacha ginearálta	04-05
Tráchtanna sonracha	06-40
Easpa measúnaithe tionchair	06-08
Faisnéis pháirteach maidir le cistiú	09-12
Faisnéis pháirteach maidir le cistiú agus riachtanais acmhainní daonna	09-10
Faisnéis pháirteach maidir le socrú airgeadais na Cibirsceithe Eorpaí	11-12
Rioscaí a bhaineann leis an gCibirsciath Eorpach	13-26
Castacht bhreise agus cisil bhreise	13-20
Comhroinnt faisnéise	21-26
Rioscaí nasctha leis an tSaoráid um Éigeandáil Chibearshlándála	27-34
Cur chun feidhme Chúltaca Cibearshlándála an Aontais	27-29
Maolú ó phrionsabal na ‘bliantúlachta’	30-34
Rioscaí a bhaineann leis an Sásra um Athbhreithniú ar Theagmhais Chibearshlándála	35-36
Faireachán ar fheidhmíocht agus beartas meastóireachta	37-40
Focal scoir	41-43
Iarscríbhinn – Mór-réimse cibearshlándála na hEorpa	

Réamhrá

01 Ar an 18 Aibreán 2023, d'fhoilsigh an Coimisiún [togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta chun dlúthpháirtíocht agus acmhainneachtaí a neartú san Aontas chun bagairtí cibearshlándála agus teagmhais chibearshlándála a bhrath, agus chun ullmhú agus freagairt dóibh](#) ('Gníomh um Chibear-Dhlúthpháirtíocht an Aontais Eorpaigh').

02 Le Gníomh um Chibear-Dhlúthpháirtíocht an Aontais Eorpaigh, leagtar síos bearta chun bagairtí cibearshlándála agus teagmhais chibearshlándála a bhrath, agus chun ullmhú agus freagairt dóibh, go háirithe tríd an méid seo a leanas:

- o an **Chibirsciath Eorpach** chun cumais choiteanna braite agus feasachta staide a fheabhsú;
- o an **Sásra um Éigeandáil Chibearshlándála** chun tacú leis na Ballstáit ullmhú le haghaidh teagmhais mhóra chibearshlándála, téarnamh uathu agus freagairt dóibh;
- o an **Sásra um Athbhreithniú ar Theagmhais Chibearshlándála** chun athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar theagmhais shuntasacha mhórscála.

03 Ciallaíonn bunús dlí an togra ón gCoimisiún go bhfuil comhairliúchán le Cúirt Iniúchóirí na hEorpa éigeantach¹. Scríobh Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh chugainn ar an 2 agus an 7 Meitheamh 2023 faoi seach, á iarraidh orainn ár dtuairim a thabhairt. Leis an tuairim seo, comhlíontar an ceanglas comhairliúcháin.

¹ Airteagail 322(1) den [Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh](#).

Barúlacha ginearálta

04 Is ar na Ballstáit go príomha atá an fhreagracht maidir le teagmhais chibearshlándáil a chosc, agus ullmhú agus freagairt dóibh, agus maidir le géarchéimeanna a dhéanann difear dóibh. I gcomhréir le hAirteagal 4(2) den [Chonradh ar an Aontas Eorpach](#), tá an tslándáil náisiúnta faoi fhreagracht iomlán gach aon Bhallstát i gcónaí. Mar sin féin, ciallaíonn an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag teagmhais chibearshlándála shuntasacha nó mhórsála go bhféadfadh gá a bheith le gníomhaíocht chomhchoiteann ar leibhéal an Aontais.

05 Is díol sásaimh don Chúirt cuspóirí an togra chun cibear-athléimneacht chomhchoiteann an Aontais a neartú. Sa tuairim seo, déanaimid tráchtanna sonracha maidir leis na trí chomhchuid den Ghníomh um Chibear-Dhlúthpháirtíocht atá beartaithe ag an Aontas agus tarraingítear aird ar roinnt rioscaí atá sainaitheanta againn a bhaineann le heaspa measúnaithe tionchair, leis na gnéithe airgeadais, agus leis an gcaoi a d'fhéadfaí na bearta atá leagtha síos sa togra a chur chun feidhme. Go sonrach, tarraingimid aird ar an bhfóras go bhfuil an riosca ann go bhféadfadh an Rialachán atá beartaithe go mbeadh mór-réimse cibearshlándála an Aontais níos casta agus molaimid bealaí a d'fhéadfaí an riosca sin a mhaolú (féach míreanna [13-20](#)).

Tráchtanna sonracha

Easpa measúnaithe tionchair

06 Molann na [treoirlínte maidir le rialáil níos fearr](#) measúnuithe tionchair a úsáid mar chuid d'anailís chuimsitheach ar roghanna maidir le dearadh beartais agus roghanna maidir le cur chun feidhme. Measaimid gur uirlis ríthábhachtach iad measúnuithe tionchair cuimsitheacha chun a dhéanamh amach an bhfuil gá le gníomhaíocht an Aontais chun anailís a dhéanamh ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag na réitigh atá ar fáil sula nglactar aon togra.

07 Ní raibh an Rialachán seo atá beartaithe faoi réir measúnú tionchair. I roinn 3 den mheabhrán míniúcháin a ghabhann leis, mhínigh an Coimisiún gur roghnaigh sé gan measúnú den chineál sin a dhéanamh mar gheall, de réir an Choimisiúin, gur *'togra práinneach é an togra'*. Dúirt sé freisin go mbeadh an [Clár don Eoraip Dhigiteach](#) (DEP) ag tacú leis na bearta atá beartaithe leis an Rialachán, agus go raibh siad i gcomhréir le Rialachán DEP, a ndearnadh [measúnú tionchair](#) sonrach air in 2018. Ina theannta sin, mhínigh an Coimisiún go raibh na bearta atá beartaithe ag tógáil ar ghníomhaíochtaí a rinneadh cheana agus a ullmhaíodh i ndlúth-chomhordú leis na príomhpháirtithe leasmhara agus na Ballstáit, agus gur chuimsigh siad na ceachtanna a fohglaimíodh.

08 Tugaimid ar aire, áfach, nach gclúdaítear na bearta nua a thugtar isteach leis an Rialachán atá beartaithe sa [mheasúnú tionchair](#) ar DEP. Dá bhrí sin, tá faisnéis theoranta ann maidir leis na roghanna beartais atá ar fáil agus na costais a bhaineann leis an togra.

Faisnéis pháirteach maidir le cistiú

Faisnéis pháirteach maidir le cistiú agus riachtanais acmhainní daonna

09 Tiocfaidh an cistiú do na bearta atá leagtha síos i nGníomh um Chibear-Dhlúthpháirtíocht an Aontais ón gClár don Eoraip Dhigiteach (DEP). Dhearbhaigh an Coimisiún i roinn 4 dá mheabhrán míniúcháin go raibh €115 mhilliún leithdháilte cheana ar an gCibirsciath Eorpach i bhfoirm treoirthionscadail le linn 2021-2022. Dhearbhaigh sé freisin, leis an togra, go dtiocfadh méadú €100 milliún ar an mbuiséad de €743 mhilliún atá leithdháilte le haghaidh thréimhse 2023-2027 ar chuspóir sonracha DEP maidir le cibearshlándaíl agus iontaoibh, trí ath-leithdháileadh inmheánach ar chistiú.

10 Tar éis an ath-leithdháilte sin, beidh €843 mhilliún de chistí an Aontais ar fáil le haghaidh cibearshlándaíl do 2023-2027. Tugaimid ar aire nach é amháin go gclúdaíonn an méid sin na gníomhaíochtaí atá leagtha síos sa Rialachán atá beartaithe, ach go gclúdaíonn sé freisin gníomhaíochtaí cibearshlándaíla eile in DEP (amhail an tacaíocht do thionsclaíocht nó don chaighdeánú). Ní thugtar meastachán sa togra ar na costais iomlána a bhfuiltear ag súil leo chun na bearta atá beartaithe a bhunú agus a chur chun feidhme (an Chibirsciath Eorpach, an Sásra um Éigeandáil Chibearshlándaíla – lena n-áirítear an Cúltaca Cibearshlándaíla, agus an Sásra um Athbhreithniú ar Theagmhais Chibearshlándaíla). Ós rud é nach bhfuil measúnú tionchair ag gabháil leis an togra, molaimid don Choimisiún meastachán ar na costais sin a chur ar fáil chun an trédhearcacht a fheabhsú.

Faisnéis pháirteach maidir le socrú airgeadais na Cibirscéithe Eorpaí

11 I gCaibidil II den Rialachán atá beartaithe bunaítear an ‘Chibirsciath Eorpach’, atá comhdhéanta de lárionaid oibríochtaí slándála náisiúnta (SOCanna) agus lárionad oibríochtaí slándála trasteorann (SOCanna trasteorann). Foráiltear leis an Rialachán atá beartaithe go bhféadfaidh SOCanna náisiúnta atá incháilithe ranníocaíocht airgeadais a fháil ón Aontas a chlúdóidh suas le 50 % de na costais éadála dá n-uirlisí agus dá mbonneagair, agus suas le 50 % dá gcostais oibríochtúla. I gcás SOCanna trasteorann, tá cómhaoiniú AE ann chun suas le 75 % de na costais éadála dá n-uirlisí agus dá mbonneagair a chlúdach, agus suas le 50 % dá gcostas oibríochtúil. Ní shonraítear sa Rialachán atá beartaithe cén fáth a bhfuil gá le huirlisí agus bonneagair – a fhaigheann tacaíocht ar leibhéil chómhoinithe níos airde – in SOCanna trasteorann i gcomparáid le huirlisí atá ar fáil cheana do SOCanna náisiúnta i gcuibhreannas.

12 Ní shonraítear sa Rialachán atá beartaithe ach oiread cé chomh fada a dhéanfaidh an tAontas costais oibríochtúla SOCanna náisiúnta agus trasteorann a chómhoiniú. Cruthaíonn sé sin riosca go bhféadfadh feidhmiú agus inbhuanaitheacht na Cibirscéithe Eorpaí a bheith spleách ar mhaoiniú ón Aontas.

Rioscaí a bhaineann leis an gCibirsciath Eorpach

Castacht bhreise agus cisil bhreise

13 Thugamar ar aire in [Athbhreithniú 02/2019](#)² uainn go bhfuil mór-réimse cibearshlándála an Aontais casta agus ilsrathach. Tá lear mór gníomhaithe príobháideacha agus poiblí bainteach leis ar leibhéal réigiúnach, náisiúnta, agus ar leibhéal an Aontais sa réimse sibhialta, lena n-áirítear eintitis forfheidhmithe dlí agus aonaid faisnéise airgeadais. Is gné ríthábhachtach í an chibearshlándáil den tslándáil agus cosaint náisiúnta. Tá mapa den mhór-réimse cibearshlándála nua san Aontas san [Iarscríbhinn](#) a ghabhann leis an tuairim seo, lena n-áirítear, i mbosca scáthaithe, na sásraí agus na comhchodanna go léir a thugtar isteach leis an togra. Léiríonn sé an chastacht bhreise agus na cisil bhreise a thugtar isteach leis an Rialachán.

14 Is é is aidhm don Chibirsciath Eorpach a bhunaítear le Caibidil II den Rialachán atá beartaithe ná ardchumais a fhorbairt san Aontas chun sonraí a bhrath maidir le bagairtí agus teagmhais cibearshlándála, anailís a dhéanamh orthu agus iad a phróiseáil. Is éard a bheidh ann ná bonneagar idirnasctha, pan-Eorpach de lárionad oibríochtaí slándála náisiúnta agus lárionad oibríochtaí slándála trasteorann.

15 Chun a bheith rannpháirteach sa Chibirsciath Eorpach, ní mór do na Ballstáit SOC náisiúnta amháin ar a laghad a ainmniú, agus caithfidh sé gur chomhlacht poiblí a bheidh ann. Ar a seal, ní mór do SOCanna náisiúnta SOCanna trasteorann a chruthú, a bheidh ina gcuibhreannais comhdhéanta de SOCanna ó ar a laghad trí Bhallstát atá tiomanta oibriú i gcomhar le chéile agus a ngníomhaíochtaí chun teagmhais cibearshlándála a bhrath agus a ngníomhaíochtaí chun faireacháin a dhéanamh ar bhagairtí cibearshlándála a chomhordú.

16 Le blianta beaga anuas, tá creat rialála an Aontais maidir le cibearshlándáil treisithe aige. Tá an [Treoir maidir le Slándáil Gréasán agus Faisnéise \('Treoir NIS'\)](#) ó 2016 agus an t-athbhreithniú air in 2022 (['Treoir NIS 2'](#)) ar cheann dá phríomhionstraimí. Faoi Threoir NIS 2, ba cheart do na Ballstáit foireann freagartha do theagmhais a bhaineann le slándáil ríomhairí (CSIRT) amháin nó níos mó a bhunú ar leibhéal náisiúnta. Ar leibhéal an Aontais, le Treoir NIS 2, bunaítear [grúpa comhordaithe NIS, líonra CSIRTanna](#), agus an [Líonra Eorpach um Eagrú an Idirchaidrimh maidir le Cibir-ghéarchéimeanna \(EU-CyCLONe\)](#).

² [Athbhreithniú 02/2019: 'Dúshlán maidir le beartas éifeachtach cibearshlándála an Aontais Eorpaigh'](#).

17 In 2021, bhunaigh an tAontas an [Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála](#). Maidir leis an lárionad sin – a seoladh i mBealtaine 2023 – tacóidh líonra de 27 [Lárionad Náisiúnta Comhordúcháin](#) – ceann do gach Ballstát – leis, ar SOCanna náisiúnta iad cuid acu freisin. Beidh an Lárionad freagrach as an ngné chibearshlándála de DEP a chur chun feidhme, seachas i gcás Chúltaca Cibearshlándála an Aontais. Déanfaidh an Coimisiún é sin a chur chun feidhme, ach féadfar freagracht a thabhairt do ENISA dá fheidhmiú agus dá riarachán.

18 Tá [Cibearaonad Comhpháirteach](#) seolta ag an gCoimisiún freisin. Fógraíodh an t-aonad sin in 2020 i [Straitéis Chibearshlándála an Aontais](#) agus sainíodh tuilleadh é i [moladh ón gCoimisiún](#) in 2021.

19 In Aibreán 2023, d'fhógair an Coimisiún seoladh [an Acadaimh Scileanna Cibearshlándála](#), tionscnamh nua atá dírithe ar an mbearna tallainne chibearshlándála a líonadh agus borradh a chur faoi 'lucht saothair chibir-réimse an Aontais'.

20 I bhfianaise an méid sin, measaimid go gcruthaíonn an Rialachán atá beartaithe an riosca go ndéanfaí mór-réimse cibearshlándála foriomlán an Aontais níos casta. Tá an fhéidearthacht ann go mbeidh forluí ann idir an líonra CSIRTanna atá ann cheana agus na SOCanna. Cé gur dhearbhaigh an Coimisiún i roinn 1 dá mheabhrán míniúcháin gur cheart d'ardáin na SOCanna trasteorann a bheith mar acmhainneacht nua atá comhlántach leis an líonra CSIRTanna, tugaimid ar aire go bhfuil roinnt tascanna agus cuspóirí de chuid na SOCanna náisiúnta, na SOCanna trasteorann, CSIRTanna agus an líonra CSIRTanna cosúil le chéile. Áirítear orthu sin bagairtí a bhrath agus freagairt dóibh, faisnéis faoi chibearbhagairtí agus feasacht staide. I bprionsabal, d'fhéadfaí an riosca sin a mhaolú trí na struchtúir a bhaineann leis a chomhdhlúthú de réir a chéile, go háirithe na SOCanna agus CSIRTanna náisiúnta, agus SOCanna trasteorann. Thairis sin, ba cheart go mbeadh soiléiriú sa togra ar an gcaoi ar cheart go mbeadh na struchtúir sin ag idirghníomhú trí shocruithe agus freagrachtaí rialachais soiléire a leagan síos agus chun comhordú éifeachtach a áirithiú agus sineirgí a bhaint amach.

Comhroinnt faisnéise

21 I [dtuarascáil 05/2022](#)³ uainn, fuaireamar nach raibh institiúidí, chomhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais ag comhroinnt faisnéis chibearshlándála atá

³ Tuarascáil speisialta 05/2022: 'Cibearshlándáil institiúidí, chomhlachtaí agus ghníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh – Níl an leibhéal ullmhachta go ginearálta i gcomhréir le méid na mbagairtí'.

ríthábhachtach agus ábhartha le chéile, fiú nuair a bhí sé de cheangal orthu amhlaidh a dhéanamh. Baineadh an bonn tuilleadh ó chomhroinnt éifeachtach faisnéise mar gheall ar shaincheisteanna idir-inoibritheachta a chuir bac ar chumarsáid shlán. Cé gur bhain ár bhfionnachtain le grúpa measartha beag agus aonchineálach de ghníomhaithe AE, measaimid go mbeidh an dúshlán seo níos ábhartha de réir a chéile sa mhór-réimse cibearshlándála níos casta agus níos éagsúla atá ann ar leibhéal na mBallstát.

22 Luaitear in Airteagal 4 den Rialachán atá beartaithe gur cheart go mbeadh SOCanna náisiúnta mar ‘phointe tagartha agus tairseach’ d’eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha eile ar leibhéal náisiúnta chun faisnéis maidir le cibearbhagairtí a bhailiú agus anailís a dhéanamh uirthi. Níl aon cheanglais thuairiscithe ann faoi láthair ar leibhéal an Aontais, áfach, d’eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha (lena n-áirítear CSIRTanna, SOCanna príobháideacha, agus ‘eintitis riachtanacha agus thábhachtacha’ mar a thugtar orthu faoi Threoir NIS 2) chuig SOCanna náisiúnta. Tá riosca ann mar sin nach bhfaigheann SOCanna náisiúnta sonraí nó faisnéis leormhaith dá riachtanais.

23 I roinn 2.2.2 den ráiteas airgeadais reachtach a ghabhann leis an togra, sainnithníonn an Coimisiún an riosca go bhféadfadh sé nach gcomhroinneann na Ballstáit ‘méid leordhóthanach’ faisnéise ábhartha maidir le bagairtí cibearshlándála, laistigh d’ardáin na SOCanna trasteorann, nó idir ardáin thrasteorann agus eintitis ábhartha eile ar leibhéal an Aontais. D’fhéadfadh easpa faisnéise den chineál sin an bonn a bhaint d’éifeachtacht agus breisluach na Cibirsceithe Eorpaí.

24 Is díol sásaimh dúinn mar sin go bhfuil forálacha sonracha in Airteagail 4, 5 agus 6 den togra chun na rioscaí a bhaineann leis an easpa comhroinnte faisnéise sin a mhaolú. Foráiltear sa togra nach mbeidh cistiú ón Aontas ar fáil do SOCanna náisiúnta ach amháin má gheallann siad go mbeidh siad rannpháirteach in SOC trasteorann. Tugaimid ar aire, áfach, nach ndéanfar aon aisíocaíocht ar an tacaíocht airgeadais a fuarthas le linn an chéad dá bhliain mura mbíonn an SOC náisiúnta mar bhall de SOC trasteorann. Foráiltear freisin leis an Rialachán atá beartaithe go ngeallfaidh SOCanna trasteorann ‘méid suntasach sonraí’ a chomhroinnt lena chéile agus creat rialachais a chur ar bun i gcomhaontú cuibhreannais i scríbhinn.

25 Ina theannta sin, luaitear in Airteagal 7 nach mór do na SOCanna trasteorann faisnéis ábhartha a bhaineann le teagmhas cibearshlándála ar mhórsála a d’fhéadfadh a bheith ann nó atá leanúnach a chur ar fáil do EU-CyCLONE, don líonra CSIRTanna agus don Choimisiún ‘gan moill mhíchuí’. Leagaimid béim ar a thábhachtaí atá sé forfheidhmiú leormhaith na forála sin a áirithiú.

26 Foráiltear in Airteagal 6 den Rialachán atá beartaithe go bhféadfaidh an Coimisiún, trí ghníomhartha cur chun feidhme, na coinníollacha le haghaidh idir-inoibritheacht idir SOCanna trasteorann a shonrú. Foráiltear in Airteagal 8 go bhféadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh freisin ina leagtar síos ceanglais theicniúla go ndéanfaidh na Ballstáit ardleibhéal slándála sonraí agus fisiciúla an bhonneagair a áirithiú. Ba cheart go gcomhaontófaí na coinníollacha agus na ceanglais sin go tapa ionas go seachnófaí córais nach bhfuil ag luí le chéile a bheith á bhforbairt ag an am céanna, agus chun costais a laghdú.

Rioscaí nasctha leis an tSaoráid um Éigeandáil Cibearshlándála

Cur chun feidhme Chúltaca Cibearshlándála an Aontais

27 Thugamar ar aire i dTuarascáil speisialta 05/2022 uainn nach raibh CERT-EU – foireann phráinnfhreagartha ríomhaire an Aontais féin a chuireann tacaíocht freagartha ar fáil d’institiúidí comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais – ag feidhmiú ar bhonn 24/7 tráth a rinneadh an iniúchóireacht.

28 Foráiltear in Airteagal 14 den Rialachán go ndéanfaidh an Coimisiún – le tacaíocht ó ENISA – measúnú ar iarrataí ar thacaíocht ó Chúltaca Cibearshlándála an Aontais agus go seolfar freagra ‘gan mhoill’. Ós rud é go bhféadfadh an iliomad iarrataí a bheith ann ag an am céanna agus go mbeadh gá iad a chur in ord tosaíochta, leagtar síos roinnt critéir chinnteoireachta sa Rialachán atá beartaithe. Sonraítear in Airteagal 13 go bhféadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, tuilleadh sonrú a thabhairt ar na socruithe mionsonraithe chun an Cúltaca a leithdháileadh.

29 Measaimid go bhfuil sé ríthábhachtach nach mbeadh moill ann idir an iarraidh ar sheirbhísí tacaíochta ó Chúltaca Cibearshlándála an Aontais agus freagairt an Choimisiúin mar thoradh ar thráthúlacht an iarraidh. Ní shonraítear spriocdháta réamhshainithe sa togra, áfach, agus ní iarrtar ann go ndéanfaí bearta eagraíochtúla chun an spriocdháta sin a bhaint amach.

Maolú ó phrionsabal na ‘bliantúlachta’

30 Tá an bhliantúlacht ar cheann de bhunphrionsabail bhuiséad an Aontais. Ciallaíonn sé sin go ndéantar leithreasuithe a ionchuirtear sa bhuiséad a údarú do bhliain airgeadais suas go dtí an 31 Nollaig. Ní thugtar leithreasuithe faoi chomhair

gealltanais agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí nár úsáideadh anonn chuig an gcéad bhliain airgeadais eile go huathoibríoch. Tá an prionsabal leagtha amach i gCaibidil 2 den [Rialachán Airgeadais](#).

31 In Airteagal 19, maolaíonn an Rialachán atá beartaithe ar an bprionsabal sin chun gníomhaíochtaí faoin Sásra um Éigeandáil Chibearshlándála a chistiú. Leagtar síos ann go dtabharfar anonn leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí nár úsáideadh le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann le hullmhacht, freagairt agus cúnamh frithpháirteach agus go bhféadfar iad a ghealladh agus a íoc suas go dtí an 31 Nollag an bhliain airgeadais dár gcionn. I roinn 2 dá mheabhrán míniúcháin, mhínigh an Coimisiún go raibh an tsolúbthacht sin sa bhainistíocht bhuiséadach riachtanach mar gheall ar *‘chineál dothuartha, eisceachtúil agus sonracha thírdhreach na cibearshlándála agus na gcibearbhagairtí’*.

32 A mhéid a bhaineann le hullmhacht, measaimid gur cheart gur gníomhaíochtaí pleanáilte a bheadh i dtástáil chomhordaithe ullmhachta ar eintitis agus dá bhrí sin go ginearálta nach bhféadfaí é a thuar ná go mbeadh sé eisceachtúil. De réir ár dtuairime, níl maolú ar bhunphrionsabal na bliantúlachta ag teastáil le haghaidh ghníomhaíochtaí pleanáilte den chineál sin.

33 Ós rud é nach n-úsáidfear Cúlta Cibearshlándála an Aontais ná cúnamh frithpháirteach ach amháin mar fhreagairt do theagmhais nach bhféadfaí a thuar, áfach, measaimid nach féidir údar maith a thabhairt don réasúnaíocht don mhaolú sin sa chás seo.

34 Ar mhaithe le soiléireacht, agus i gcomhréir le dréachtú rialachán eile amhail [Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta](#) nó an [Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda](#), measaimid freisin gur cheart go sonrúfaí sa Rialachán atá beartaithe gur cheart tabhairt anonn uathoibríoch na ngealltanais nár úsáideadh a bheith teoranta don bhliain dár gcionn.

Rioscaí a bhaineann leis an Sásra um Athbhreithniú ar Theagmhais Chibearshlándála

35 Luaitear in Airteagal 18 den Rialachán atá beartaithe, má iarrann an Coimisiún, EU-CyCLONE, nó líonra CSIRTanna amhlaidh, go ndéanfaidh ENISA athbhreithniú agus measúnú ar bhagairtí, leochaileachtaí agus gníomhaíochtaí maolaithe a mhéid a bhaineann le teagmhas cibearshlándála suntasach nó mórsála ar leith. Tar éis dul i gcomhair leis na geallsealbhóirí ábhartha ar fad, ní mór do ENISA tuarascáil

athbhreithnithe teagmhas a sholáthar a chlúdaíonn príomhchúiseanna, leochaileachtaí agus ceachtanna a foghlaimíodh.

36 Measaimid gur sásra aiseolais tábhachtach é sin chun acmhainneachtaí braite, ullmhachta agus freagartha an Aontais a neartú go leanúnach i bhfianaise bagairtí agus teagmhais chibearshlándála. Molaimid, áfach, go sonrófar sa Rialachán atá beartaithe sprioc-am uasta le haghaidh seachadadh na tuarascála ó ENISA tar éis aon teagmhais, chun a áirithiú go dtugtar aiseolas in am trátha. Thairis sin, léirítear sa togra gur cheart go mbeadh moltaí sa tuarascáil maidir le seasamh cibearshlándála an Aontais a fheabhsú i gcás inarb iomchuí. Ní shonraítear sa togra, áfach, conas ar cheart obair leantach a dhéanamh ar na moltaí sin.

Faireachán ar fheidhmíocht agus beartas meastóireachta

37 Le hAirteagal 19 den Rialachán atá beartaithe, leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán DEP trí tháscaire intomhaiste nua a thabhairt isteach, eadhon ‘*an líon gníomhaíochtaí lena dtacaítear le hullmhacht agus freagairt do theagmhais chibearshlándála faoin Sásra um Éigeandáil Chibearshlándála*’. Tá an táscaire ina chomhlánú ar dhá tháscaire atá ann cheana féin chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn i dtreo shainchuspóir DEP maidir le cibearshlándáil agus iontaoibh a bhaint amach, i.e., ‘*an líon bonneagar cibearshlándála, nó uirlisí cibearshlándála, arna soláthar go comhpháirteach*’, agus ‘*an líon úsáideoirí agus pobal úsáideoirí a fhaigheann rochtain ar shaoráidí cibearshlándála Eorpacha*’.

38 De réir ár dtuairime, ní thomhaistear leis an táscaire nua atá beartaithe ach an t-*aschur* agus is beag léargas a thabharfaidh sé ar úsáid agus ar thorthaí na Cibirsceithe Eorpaí agus an tSásra um Éigeandáil Chibearshlándála.

39 Ceanglaítear le hAirteagal 20 den togra go dtíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil maidir leis an meastóireacht agus an athbhreithniú ar an Rialachán chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle cheithre bliana tar éis a dháta cur i bhfeidhm.

40 Cé go measaimid gur cheart go mbeadh an mheastóireacht bunaithe ar shonraí leordhóthanacha agus iontaoifa, ó tharla go bhfuil an timpeallacht bagartha ag athrú go tapa, tá oiriúnú agus nuálaíocht ag teastáil ar thaobh an Aontais agus na mBallstát. Measaimid mar sin go bhféadfadh tráth na meastóireachta, mar atá beartaithe faoi láthair, a bheith ródhéanach don chlárthréimhse nua. Thairis sin, beidh an méid iomlán atá buiséadaithe le haghaidh sainchuspóir DEP maidir le cibearshlándáil agus iontaoibh geallta faoi dheireadh 2027.

Focal scoir


41 Le Gníomh um Chibear-Dhlúthpháirtíocht an Aontais Eorpaigh, leagtar síos bearta chun bagairtí cibearshlándála agus teagmhais chibearshlándála a bhrath, agus chun ullmhú agus freagairt dóibh. Is díol sásaimh don Chúirt cuspóirí an togra chun cibear-athléimneacht chomhchoiteann an Aontais a neartú.

42 Cuirtear béim inár dtuairim ar roinnt rioscaí atá sainaitheanta againn agus ar an gcaoi a bhféadfaí na bearta atá leagtha síos sa togra a chur chun feidhme. Go sonrach, cuirimid béim ar na rioscaí go mbeadh feidhmiú na Cibirscéithe Eorpaí agus a hinbhuanaitheacht spleách ar mhaoiniú ón Aontas; go mbeadh bac ar a feidhmiú mar gheall ar easpa chomhroinnt faisnéise; agus go mbeadh mór-réimse cibearshlándála an Aontais níos casta mar thoradh ar bhearta a thabharfaí isteach leis an togra.

43 Mar thoradh ar ár léirbhreithniú ar an togra reachtach, molaimid don **Choimisiún agus do na reachtóirí smaoineamh ar an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- na costais mheasta a bhaineann leis na bearta atá beartaithe a bhunú agus a chur chun feidhme a chur ar fáil chun trédhearcacht a fheabhsú (féach mír **10**);
- an chaoi ar cheart do SOCanna náisiúnta, SOCanna trasteorann, CSIRTanna agus líonra CSIRTanna idirghníomhú le chéile a shoiléiriú trí shocruithe rialachais agus freagrachtaí soiléire a leagan síos chun comhordú éifeachtach a áirithiú agus sineirgí a bhaint amach (mír **20**);
- a áirithiú nach mbeadh moill ann idir an iarraidh ar sheirbhísí tacaíochta ó Chúltaca Cibearshlándála an Aontais agus freagairt an Choimisiúin mar thoradh ar thráthúlacht na hiarrata (mír **29**);
- an maolú ar phrionsabal na bliantúlachta a theorannú do ghníomhaíochtaí freagartha agus cúnamh frithpháirteach agus a shoiléiriú gur cheart tabhairt anonn uathoibríoch na ngealltanais nár úsáideadh a theorannú don bhliain dár gcionn (míreanna **32-34**);
- sprioc-am uasta le haghaidh seachadadh tuarascála ó ENISA tar éis aon teagmhais a shonrú, chun a áirithiú go dtugtar aiseolas in am trátha (mír **36**);
- an tráthúlacht maidir le tuarascáil ón gCoimisiún ar mheastóireacht agus athbhreithniú ar an Rialachán a thíolacadh a thabhairt chun cinn (mír **40**).

Iarscríbhinn – Mór-réimse cibearshlándála na hEorpa



AMLA: An tÚdarás um an Sciúradh Airgid a Chomhrac
CEPOL: Gníomhaireacht AE um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí
CMPD: An Stiúrthóireacht um Bainistíocht Géarchéime agus um Pleanáil
AS CONNECT: Ard-Stiúrthóireacht na Líonraí Cumarsáide, an Ábhair Dhigítigh agus na Teicneolaíochta
AS ENER: Ard-Stiúrthóireacht um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadais
AS ECFIN: An Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair
AS NEAR: AS um Beartas Comharsanachta agus Caldiúlíocht maidir le Méadó
AS REGIO: Ard-Stiúrthóireacht an Bheartais Réigiúnaigh agus Uirbigh
AS RTD: Ard-Stiúrthóireacht an Taighde agus na Nuálalochta
AS SANTE: An Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia
DIGIT: Ard-Stiúrthóireacht na Faisnéisíochta
Foinse: CIE.

AS JUST: An Ard-Stiúrthóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí
AS MOVE: Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair
AS NEAR: AS um Beartas Comharsanachta agus Caldiúlíocht maidir le Méadó
AS REGIO: Ard-Stiúrthóireacht an Bheartais Réigiúnaigh agus Uirbigh
AS RTD: Ard-Stiúrthóireacht an Taighde agus na Nuálalochta
AS SANTE: An Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia
DIGIT: Ard-Stiúrthóireacht na Faisnéisíochta

EASA: Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh
ICE: Ionad Cibearchóirachta na hEorpa de Chuid Eupóil
ECCC: An Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála
ECSC: An Eagraíocht Eorpach um Cibearshlándáil
GE: An Gníomhaireacht Eorpach um Chosaint
SEGS: An tSeirbhís Eorpach Gníomhalochta Seachtraí
ERCC: Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha
EU-CYCLONE: An Líonra Eorpach um Eagrú an Idirchaidrimh maidir le Cibir-ghéarchéimeanna
EuroHPC: Ríomhaireacht Ard-írdhíochta Eorpach
EUROJUST: Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil

EUROPOL: Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí
INTCEN: Lárionad Faisnéise agus Staide an Aontais Eorpaigh
ISF: Ciste Slándála Imbheanaí
JRC: An tÁirmeán Comhpháirteach Taighde
KDT: Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha
Treoir NIS: An Treoir maidir le slándáil gréasán agus faisnéise
PESCO: An Creat um Buanchomhar Struchtúrtha
SECPOL: Beartas Slándála agus Cosc Coinbhleachtaí
SITROOM: Seomra Staide AE
SOC: Lárionad oibríochtaí slándála

Ghlac Seomra III, faoi cheannas Bettina Jakobsen, Comhalta den Chúirt Iniúchóirí, an tuairim seo i Lucsamburg ag cruinniú a bhí aige an 26 Meán Fómhair 2023.

Thar ceann na Cúirte Iniúchóirí



Tony Murphy
Uachtarán

CÓIPCHEART

© An tAontas Eorpach, 2023

Is i gCinneadh Uimh. 6-2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an mbeartas sonraí oscailte agus athúsáid doiciméad a leagtar amach an beartas athúsáide atá ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa.

Mura léirítear a mhalairt (e.g. i bhfógraí cóipchirt aonair), déantar ábhar na Cúirte Iniúchóirí atá faoi úinéireacht an Aontais a cheadúnú faoi [cheadúnas Creative Commons – Sannadh 4.0 Idirnáisiúnta \(CC BY 4.0\)](#). Mar riail ghinearálta, dá bhrí sin, ceadaítear athúsáid ar choinníoll go dtugtar aitheantas cuí agus go léirítear aon athruithe. Ní fhéadfaidh aon duine atá ag baint athúsáid as ábhar na Cúirte Iniúchóirí an bhunbhrí ná an teachtaireacht a shaobhadh. Ní bheidh an Chúirt Iniúchóirí faoi dhliteanas i leith aon iarmhairt a bhaineann le hathúsáid.

Caithfear cead breise a fháil má léirítear daoine príobháideacha inaitheanta in ábhar ar leith, e.g. i bpictiúir d'fhoireann na Cúirte Iniúchóirí, nó má tá oibreacha tríú páirtí san áireamh.

I gcás ina bhfaightear an cead sin, cuirfidh sé an cead ginearálta thuasluaite ar ceal agus tiocfaidh sé ina ionad, agus beidh sé ráite go soiléir sa chead nua má tá aon srianta eile ann maidir le húsáid.

D'fhéadfadh sé gur gá cead a lorg go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt chun ábhar nach leis an Aontas Eorpach é a úsáid nó a atáirgeadh.

Maidir le bogearraí nó doiciméid atá cumhdaithe ag cearta maoine tionsclaíche, amhail paitinní, trádmarcanna, dearaí cláraithe, lógónna agus ainmneacha, tá siad eisiata ó bheartas athúsáide na Cúirte Iniúchóirí.

Tá naisc chuig suíomhanna gréasáin tríú páirtí le fáil ar shuíomhanna gréasáin an Aontais Eorpaigh atá san fhearann europa.eu. Ós rud é nach bhfuil aon smacht ag an gCúirt orthu sin, moltar duit a mbeartais príobháideachais agus chóipchirt a léamh go cúramach.

Úsáid lógó CIE

Ní fhéadtar lógó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a úsáid gan toiliú a fháil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa roimh ré.